**Opening Statement - Ms. Catherine Martin, T.D.**

**Minister for Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport & Media**

**Joint Oireachtas Committee on Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media**

**Wednesday, 24 November 2021**

## Opening remarks

Go raibh míle maith agat a Chathaoirligh.

Táim thar a bheith sásta bheith libh chun labhairt faoi tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne. I intend to address the Committee on Tourism, Culture, Arts, and Media while my colleague Minister of State Jack Chambers will address matters related to Sport. I understand that matters relating to the Gaeltacht will be dealt with by the Joint Committee on the Irish Language, Gaeltacht and Irish-speaking Community.

I am pleased to have this further opportunity to address the Committee in relation to the key priorities of my Department and to set out the vision for these wide-ranging and valuable sectors.

I spoke to you last about my priorities in April this year. At that time I said that these sectors contribute significantly to our country's economy, while also supporting individual and community wellbeing right across Ireland. There is

no doubt however, that the diverse range of sectors served by my Department have been, and continue to be, amongst those most severely impacted by the COVID-19 pandemic.

These sectors are fundamental to societal well-being, they encourage public confidence and our collective resilience as we continue to emerge from the pandemic over the longer term. They also remain among the most vulnerable to the cruel unpredictably of this devastating disease.

It has been said many times that they were the first to close and last to reopen. A key priority has been to continue supports for these critical sectors, which employ hundreds of thousands of people, so that they can stabilise and generate economic activity as we move further along the road to recovery.

- During 2021, the €55 million support fund announced as part of Budget 2021 for strategic tourism businesses, and €5m for training and digitalisation support in the sector, continues to be provided.
- These measures have complemented the horizontal measures Employment Wage Subsidy Scheme, Pandemic Unemployment Payment and Covid Restrictions Support Scheme and the ReStart scheme.
- I also launched a €17 million Outdoor Dining Enhancement Scheme, which is delivered in partnership between Fáilte Ireland and Local Authorities across the country.

- For the coming year, €288.5m is allocated for Tourism services representing an increase of €67.6m or 31% on the comparable 2021 allocation.

- The additional funding will help address immediate survival-related concerns for business continuity, domestic and international marketing, and support for tourism product development, while also enabling further resilience and recovery across the industry as we reopen to international tourism and transition to a more sustainable future.

- I was very cognisant of the challenges the restrictions caused for the arts/culture and live entertainment industry in 2021 and I allocated over €60m to support the sector and drive employment opportunities for artists and crew, through the introduction of a number of new schemes including support for live entertainment businesses, which includes a new Live Performance Support Scheme, a new support scheme for live events and entertainment businesses, and funding to support local authorities for outdoor live performances.

- As part of Budget 2022, I have maintained the Arts Council allocation at the record-level of €130m. This allocation will allow the Arts Council to continue to protect jobs and livelihoods of artists, and assist arts organisations through financial difficulties. With this ongoing levels of public funding in 2022, the Arts Council is empowered to play a strong role in supporting artists and arts organisations to flourish in the years ahead.

- I have also allocated €25m for the live entertainment sector as part of Budget 2022 and am examining the supports in place for the sector to

ensure that available resources are best deployed to meet the needs of the sector to ensure a full recovery is possible.

The supports I have provided have been essential for those hardest-hit, and I will continue to do everything possible to ensure necessary provisions are in place to allow these sectors, which are essential for our physical, social and mental well-being, to thrive once again.

***In relation to my Department's Capital Programme***

I worked closely with colleagues across Government to renew our National Development Plan. The Programme for Government makes strong commitments for continued capital investment in our national cultural, sporting, language and tourism infrastructure.

My priorities under the renewed National Development Plan are aligned under three categories of activities that my Department undertakes to support and develop its sectors; supporting economic recovery and resilience, promoting wellbeing and social cohesion, and providing sustainability and guardianship of our cultural, linguistic and environmental resources.

A key priority for my Department is the continued safeguarding and modernisation of institutions through the National Cultural Institutions Investment Programme in the National Development Plan, an ambitious €460 million programme of capital investment across all of our NCIs which will

ensure that they can continue their legacy of providing engaging cultural and artistic offerings to the people of Ireland. The National Development Plan also includes €265 million for a cultural and creativity investment programme. The Large Scale Sports Infrastructure Fund and Sports Capital and Equipment Programme are also key elements of my Department's NDP plans, which will be further addressed by my colleague Minister Chambers.

As we continue the recovery, my Department will work to deliver on priorities that are informed by the Programme for Government.

***Tourism***

My Department's key priorities for economic recovery are also informed by the Tourism and Arts and Culture recovery taskforces which were established to provide recommendations for overcoming the challenges faced by these critical sectors.

Ireland's tourism sector is of significant value to the economy, and benefits the development of rural Ireland, particularly in regions that lack an intensive industry base or are economically fragile.

For tourism, recovery and sustainable growth is essential. This will begin with a survival, stabilisation and recovery programme informed by the

recommendations of the Tourism Recovery Taskforce, as well as inputs from the Tourism Recovery Oversight Group. I continue to work on the development of a National Tourism Policy that will set out the path over the coming years, towards a Tourism sector that is socially and economically sustainable and that ensures that sustainability is at the heart of the recovery in the sector.

This policy will be underpinned by a programme of capital investment as we develop our national tourism product. This investment programme will take a regions-led approach and will include investments in activity-based tourism, with a particular emphasis on the outdoors, and the development of strategic tourism locations. As well as investing in our tourism product, these investments will provide important supports for regional enterprise and employment, often in locations where tourism is a key driver of the local economy.

The significant increase in funding for this sector provides an opportunity to re-imagine and reconfigure Ireland's tourism for the future. With the climate emergency as our backdrop, we must also play our part. The future we imagine is one that will tell the story of our ancient past, our current modern communities, and will bring tourists and tourism businesses on a journey

towards a sustainable model that embeds and protects our environment, local communities, natural heritage and beauty.

***Arts and Culture***

In terms of our arts and culture sector, last year, the Arts and Culture Recovery Taskforce submitted its report, "Life worth Living", to me, which outlined 10 recommendations to support the recovery of these sectors. Already we have made significant progress on implementing the report.

For example, I was particularly pleased to announce €25m for the pilot Basic Income Guarantee Scheme as part of Budget 2022. This is a major policy intervention for the arts and culture sector which requires significant resources from my Department to develop. Work is ongoing and regular engagement with the sector is taking place. My ambition is to open the pilot scheme for applications early next year.

I believe this makes a strong statement about the value that we place on the arts sector which is characterised by low, precarious and sometimes seasonal income. Artistic and creative work is intrinsically valuable to society, perhaps never more so felt than during this pandemic.

I hope this scheme can bring new life and support to the arts and culture sector, and I hope it will provide an important legacy for our artists, after the very difficult circumstances they have endured during the crisis.

The report of the Night-time Economy Taskforce was published in September and contained a number of practical recommendations to help support and sustain the Night-time Economy as well as some pilot measures to support new developments in this area.

Work is also ongoing on the flagship digitisation of the 1926 census records this year, which will provide a further valuable set of records for genealogists across our global Irish community.

There are a wide range of key priorities for my Department in this area that I am looking forward to discussing with the Committee, which include support for culture activities in the state-support and commercial sector, for which the Arts Council will play a central role. My Department also continues to work on supporting the creative industries, including the audio-visual sector. A key priority in this area will be the continued implementation of the audio-visual action plan over the coming years.

***Broadcasting and Media***

It is a priority of my Department to address the future of broadcasting and media in this country and safeguard the availability of quality, informed and trusted sources of news and content which are so essential to a democratic society.

I am very aware of the important role played by the Broadcasting and Media sector in delivering key and necessary public health messages in recent times.

Some examples from Budget 2022 to support this sector include the additional €4.2m funding I secured for TG4 for 2022, which is the largest ever annual increase in TG4 funding, and the €5.5m allocated for the Media Commission. This funding will be used for the set up and commencement of the Media Commission's functions, to recruit an Online Safety Commissioner and to lay the groundwork for an effective regulatory structure. The spread and amplification of harmful online content raises serious concerns and this will help us close a gap in the Irish law and international law in relation to online safety.

With regard to the enabling legislation the Online Safety and Media Regulation Bill I also thank the Joint Oireachtas Committee (JOC) for Tourism, Culture, Arts, Sport and Media for the publication of a comprehensive pre-legislative

scrutiny report in relation to the General Scheme of the Online Safety and Media Regulation Bill. The 33 recommendations contained in the report raise a wide range of important issues and highlight the scale and complexity of the matters to be addressed in the Bill.

I commend the thorough and consultative approach taken by the JOC in conducting its pre-legislative scrutiny, which represents a continuity of the approach in developing the General Scheme, which involved public consultation and significant stakeholder engagement.

I am closely considering all the recommendations, there are some which deal with issues that I have been examining for some time. This includes how the Bill can be further strengthened in order to better protect individuals online, including issues relating to the appropriate avenues of complaint or redress.

I intend to progress the Bill as a matter of urgency, following the current consideration underway.

**Concluding Remarks**

Tourism, culture, arts, our language, sport and media are fundamental to our society, identity, well-being and our democracy. As Minister, I will continue to advocate intensely for these sectors and we all understand there is still much

work left to do. I will also continue consulting with sectors and assessing supports. We are operating under the shadow of Covid-19, and our recovery will not be easy.

It will not happen overnight, but I am confident Ireland will recover - with our world renowned tourism industry welcoming visitors back better than ever; the vibrant arts and culture sector will flourish again, showcasing our incredible talents both at home and abroad; we will have a rich landscape in which our language can continue to grow; and we will see our dynamic sports and media sectors strengthened, reinforced and supported.

This will require a long term approach, and all of us here today understand these sectors are critical to our lives. I am deeply committed to supporting and realising this strategic vision.

I am happy to take any questions Deputies may have.

Go raibh maith agaibh.

**Ráiteas Oscailte - An tAire Catherine Martin, T.D.**

**An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán**

**An Comhchoiste Oireachtais um Thurasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin**

**Dé Céadaoin, an 24 Samhain 2021**

**Ráiteas tosaigh**

Go raibh míle maith agat a Chathaoirligh.

Táim thar a bheith sásta a bheith libh inniu chun labhairt faoi thosaíochtaí straitéiseacha na Roinne. Tá sé i gceist agam labhairt leis an gCoiste um Thurasóireacht, Cultúr, Ealaíona agus Meáin agus tabharfaidh mo chomhghleacaí, an tAire Stáit Jack Chambers aghaidh ar ábhair a bhaineann leis an Spórt. Tuigim go bpléifidh an Comhchoiste Oireachtais don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do phobal labhartha na Gaeilge ábhair a bhaineann leis an nGaeltacht.

Táim an-sásta deis a fháil labhairt leis an gCoiste maidir le príomhthosaíochtaí mo Roinne agus an fhís a leagan amach do na hearnálacha luachmhara fairsinge seo.

Labhair mé libh faoi na tosaíochtaí seo i mí Aibreáin na bliana seo. Ag an am sin, dúirt mé go gcuireann na hearnálacha seo go mór le geilleagar na tíre, agus tacaíonn siad le folláine an duine aonair agus an phobail ar fud na hÉireann chomh maith. Níl aon dabht go bhfuil na hearnálacha éagsúla a bhfreastalaíonn mo Roinnse orthu i measc na hearnálacha is mó a ndeachaigh agus a dtéann paindéim COVID-19 i bhfeidhm orthu.

Tá na hearnálacha seo thar a bheith tábhachtach maidir le folláine shochaíoch, spreagann siad muinín an phobail agus ár gcuid athléimneachta agus muid ag teacht chun cinn ón bpaindéim go fadtéarmach. Tá siad fós i measc na n-earnálacha is leochailí i bhfianaise dhothuarthacht chadránta an ghalair uafásaigh seo.

Tá sé ráite arís agus arís eile gurbh iad na hearnálacha seo na chéad chinn a dúnadh agus na cinn dheireanacha a osclaíodh. Tugadh tús áite do leanúint le tacaíochtaí do na hearnálacha fíorthábhachtacha seo, a fhostaíonn na céadta mílte duine, ionas gur féidir leo gníomhaíocht eacnamaíoch a chobhsú agus a ghiniúint agus muid ag téarnamh.

- Le linn 2021, soláthraíodh an ciste tacaíochta €55 milliún a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2021 do ghnólachtaí straitéiseacha turasóireachta agus €5m le haghaidh oiliúna agus tacaíochta digití san earnáil.

- Cuireann na bearta seo leis na bearta cothrománacha: an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéimeach, Scéim Tacaíochta Srianta Covid agus an Scéim Atosaithe.
- Sheol mé an Scéim um Fheabhsú Phroinnspásanna faoin Aer arbh fhiú €17 milliún chomh maith. Tá an scéim seo á seachadadh i gcomhar le Fáilte Ireland agus Údaráis Áitiúla ar fud na tíre.
- Don bhliain atá le teacht, leithdháilfear €288.5m ar sheirbhísí Turasóireachta, sin méadú €67.6m nó 31% ar leithdháileadh inchomparáide 2021.
- Cuideoidh an maoiniú breise le dul i ngleic le hábhair imní maireachtála láithreacha maidir le leanúnachas gnó, margaíocht intíre agus idirnáisiúnta, tacóidh sé le forbairt táirgí turasóireachta, agus cumasóidh sé tuilleadh teacht aniar agus téarnaimh ar fud na hearnála agus muid ag athoscailt do thurasóireacht idirnáisiúnta agus ag aistriú chuig todhchaí níos inbhuanaithe.
- Tuigim go maith na dúshláin a chruthaigh na srianta d'earnáil na n-ealaíon, an chultúir agus na siamsaíochta beo in 2021 agus leithdháil mé os cionn €60m chun tacú leis an earnáil agus chun deiseanna fostaíochta a spreagadh d'ealaíontóirí agus do chriúnna, trí roinnt scéimeanna a thabhairt isteach lena n-áirítear tacaíocht do shiamsaíocht bheo, lena n-áirítear Scéim nua chun Tacú le Taibhiú Beo, scéim tacaíochta nua do ghnólachtaí siamsaíochta beo, agus maoiniú chun tacú le húdaráis áitiúla le haghaidh léirithe beo faoin aer.

- Mar chuid de Bhuiséad 2022, choinnigh mé leithdháileadh na Comhairle Ealaíon ag €130m, an leibhéal is airde riamh. Ligfidh an leithdháileadh seo don Chomhairle Ealaíon leanúint ar aghaidh ag cosaint slite beatha ealaíontóirí, agus ag cabhrú le heagraíochtaí ealaíon a bhfuil dúshláin airgeadais rompu. Agus leis an maoiniú poiblí láidir leanúnach seo in 2022, tá sé de chumhacht ag an gComhairle Ealaíon ról láidir a ghlacadh i dtacú le healaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon déanamh go maith sna blianta atá romhainn.

- Leithdháil mé €25m chomh maith ar an earnáil siamsaíochta beo mar chuid de Bhuiséad 2022 agus tá scrúdú á dhéanamh agam ar na tacaíochtaí atá i bhfeidhm don earnáil lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil chun freastal ar riachtanais na hearnála chun a chinntiú gur féidir téarnamh iomlán a dhéanamh.

Bhí na tacaíochtaí a chuir mé ar fáil bunriachtanach chun tacú leis na hearnálacha is measa buailte, agus leanfaidh mé ar aghaidh ag déanamh gach rud is féidir chun a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí atá ag teastáil i bhfeidhm le gur féidir leis na hearnálacha seo atá riachtanach dár sláinte choirp, shóisialta agus mheabhrach, déanamh go maith.

***Maidir le Clár Caipitil mo Roinnse***

D'oibrigh mé go dlúth le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun ár bPlean Forbartha Náisiúnta a athnuachan. Tugann an Clár Rialtais gealltanais láidre d'infheistíocht chaipitil leanúnach inár mbonneagar náisiúnta cultúrtha, spóirt, teanga agus turasóireachta.

Tagann mo thosaíochtaí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta faoi thrí chatagóir gníomhaíochtaí a dtugann mo Roinn fúthu chun tacú lena cuid earnálacha agus iad a fhorbairt; ag tacú le téarnamh eacnamaíoch agus teacht aniar, ag cur folláine agus comhtháthú sóisialta chun cinn, agus ag soláthar inbhuanaitheachta agus caomhnóireachta dár n-acmhainní cultúrtha, teanga agus comhshaoil.

Tugann mo Roinnse tús áite do chosaint agus nuachóiriú leanúnach institiúidí trí Chlár Infheistíochta na bhForais Náisiúnta Cultúir sa Phlean Forbartha Náisiúnta, clár uaillmhianach €460 milliún d'infheistíocht chaipitil ar fud ár gcuid Forais go léir a chinnteoidh gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag soláthar tairiscintí cultúrtha agus ealaíne do mhuintir na hÉireann. Cuimsíonn an Plean Forbartha Náisiúnta €265 milliún freisin do chlár infheistíochta cultúrtha agus cruthaitheachta. Tá an Ciste Infreastruchtúr Spóirt ar Scála Mór agus an Clár um Chaipiteal agus Trealamh Spóirt ina ngnéithe lárnacha de phleananna PFN mo Roinne, a dtabharfaidh mo chomhghleacaí an tAire Chambers aghaidh orthu.

De réir mar a leanaimid ar aghaidh leis an téarnamh, oibreoidh mo Roinnse chun torthaí a sholáthar maidir leis na tosaíochtaí seo. Déanfaidh an Clár Rialtais eolas don obair seo.

***An Turasóireacht***

Déanann na Tascfhórsaí Téarnaimh Turasóireachta, Ealaíon, agus Cultúir eolas do phríomhthosaíochtaí mo Roinne chomh maith maidir le téarnamh eacnamaíoch. Bunaíodh na tascfhórsaí seo le moltaí a sholáthar chun na dúshláin atá roimh na hearnálacha tábhachtacha seo a shárú.

Tá luach suntasach ag earnáil turasóireachta na hÉireann don gheilleagar, agus tá sí chun leasa fhorbairt na tuaithe in Éirinn, go háirithe i réigiúin nach bhfuil bonn láidir tionsclaíochta fúthu nó atá leochaileach go heacnamaíoch.

Tá téarnamh agus fás inbhuanaithe riachtanach don turasóireacht. Tosóidh sé seo le clár maireachtála, cobhsaíochta agus téarnaimh a ndéanfaidh an Tascfhórsa Téarnaimh Turasóireachta eolas dó, chomh maith le hionchur ón nGrúpa Maoirseachta um Théarnamh na Turasóireachta. Leanaim ar aghaidh ag obair ar Pholasaí Náisiúnta Turasóireachta a fhorbairt a leagfaidh amach an treo do na blianta atá romhainn chun earnáil Turasóireachta inbhuanaithe go sóisialta agus go heacnamaíoch a thógáil agus chun a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht ag croílár an téarnaimh san earnáil.

Beidh clár infheistíochta caipitil mar bhonn faoin mbeartas seo agus muid ag forbairt ár dtáirge turasóireachta náisiúnta. Glacfaidh an clár infheistíochta seo cur chuige réigiúnach agus áireofar ann infheistíochtaí i dturasóireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí, go háirithe faoin aer, agus forbairt suíomhanna straitéiseacha turasóireachta. Chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh inár dtáirge turasóireachta, soláthróidh na hinfheistíochtaí seo tacaíochtaí tábhachtacha d'fhiontar agus d'fhostaíocht áitiúil, go minic in áiteanna a bhfuil an turasóireacht taobh thiar de dhul chun cinn an gheilleagair áitiúil den chuid is mó.

Tugann an méadú suntasach ar mhaoiniú don earnáil seo deis dúinn turasóireacht na hÉireann amach anseo a athshamhlú agus a athleagan amach. Is féidir linn cabhrú leis an éigeandáil aeráide. Samhlaímid go n-inseofar stair ársa na tíre seo agus scéal ár bpobail nua-aimseartha sa todhchaí, agus tabharfar turasóirí agus gnóthais turasóireachta ar thuras i dtreo múnla inbhuanaithe a chosnaíonn ár dtimpeallacht, pobail áitiúla, oidhreacht agus áilleacht nádúrtha. Beidh na nithe seo fite fuaite sa mhúnla sin.

***Na hEalaíona agus an Cultúr***

Maidir lenár n-earnáil ealaíon agus cultúir, anuraidh, chuir an Tascfhórsa Téarnaimh Ealaíon agus Cultúir a thuarascáil, “Saol is Fiú a Chaitheamh”, faoi mo bhráid, inar luadh 10 moladh chun tacú le téarnamh na n-earnálacha seo. Tá dul chun cinn maith déanta againn cheana féin maidir le cur i bhfeidhm na tuarascála.

Ba chúis áthais dom €25m a fhógairt don Scéim phíolótach Ráthaíochta Ioncaim Bhunúsaigh d’ealaíontóirí mar chuid de Bhuiséad 2022. Is idirghabháil beartais an mhór í seo don earnáil ealaíon agus cultúir a éilíonn acmhainní suntasacha ó mo Roinnse chun í a fhorbairt. Tá obair agus plé rialta leis an earnáil ar siúl. Ba mhian liom an scéim phíolótach a oscailt d’iarratais go luath an bhliain seo chugainn.

Creidim go gcuireann sé seo teachtaireacht láidir amach faoin meas atá againn ar earnáil na n-ealaíon a bhfuil ioncam íseal, éiginnte agus séasúrach ag baint léi uaireanta. Tá obair ealaíonta agus chruthaitheach thar a bheith luachmhar don tsochaí, tá sé sin níos soiléire ná riamh le linn na paindéime seo.

Cuirfidh an scéim borradh faoi agus tacaíocht ar fáil don earnáil ealaíon agus cultúir, agus tá súil agam go soláthróidh sí toradh dár n-ealaíontóirí, tar éis na gcúinsí deacra ina raibh siad ag maireachtáil le linn na paindéime.

Foilsíodh tuarascáil an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche i mí Mheán Fómhair agus bhí roinnt moltaí praiticiúla ann chun cabhrú leis an nGeilleagar Oíche a thacú agus a chothú chomh maith le roinnt bearta píolótacha chun cuidiú le forbairtí nua sa réimse seo.

Tá obair ar siúl chomh maith ar dhigitiú suaitheanta thaifid daonáirimh 1926 i mbliana, a sholáthróidh taifid luachmhara eile do ghineolaithe ar fud phobal domhanda na hÉireann.

Tá réimse leathan tosaíochtaí tábhachtacha do mo Roinn sa réimse seo a bhfuilim ag tnúth le plé a dhéanamh orthu leis an gCoiste, lena n-áirítear tacaíocht do ghníomhaíochtaí cultúir san earnáil tráchtála agus stáit, a mbeidh ról lárnach ag an gComhairle Ealaíon ina leith. Leanann mo Roinn ag obair chomh maith chun tacú leis na hearnálacha cruthaitheacha, lena n-áirítear an earnáil closamhairc. Príomhthosaíocht sa réimse seo is ea cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta closamhairc sna blianta atá romhainn.

***An Chraoltóireacht agus na Meáin***

Tugann mo Roinnse tús áite d'aghaidh a thabhairt ar thodhchaí na craoltóireachta agus na meán sa tír seo agus soláthar foinsí eolasacha agus iontaofa nuachta agus ábhair ar ardchaighdeán. Tá foinsí mar seo fíorthábhachtach chun sochaí dhaonlathach a chosaint.

Tuigim go maith an ról atá ag an earnáil Craoltóireachta agus Meán i dteachtaireachtaí sláinte poiblí atá tabhachtach agus riachtanach a chur in iúl.

I measc roinnt samplaí ó Bhuiséad 2022 tá maoiniú breise €4.2m a d'éirigh liom a fháil do TG4 le haghaidh 2022, an méadú bliantúil is mó riamh ar mhaoiniú TG4, agus €5.5m a leithdháileadh ar Choimisiún na Meán. Úsáidfear an maoiniú seo chun feidhmeanna Choimisiún na Meán a bhunú agus chun tús a chur leo, chun Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne a earcú agus chun bonn a chur faoi thimpeallacht éifeachtach rialála. Is cúis mhór imní é scaipeadh agus cur le hábhar díobhálach ar líne agus cuideoidh sé seo linn bearna a dhúnadh i ndlí na hÉireann agus sa dlí idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht ar líne.

Maidir leis an reachtaíocht chumasúcháin, an Bille um Rialú Sábháilteachta agus Meán ar Líne, gabhaim buíochas chomh maith leis an gComhchoiste Oireachtais um Thurasóireacht, Cultúr, na hEalaíona, Spórt agus na Meáin as tuarascáil chuimsitheach grinnscrúdaithe réamhreachtúil a fhoilsiú maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialú Sábháilteachta agus Meán ar Líne. Ardaíonn na 33 moladh atá sa tuarascáil raon leathan ceisteanna tábhachtacha agus leagann siad béim ar scála agus ar chastacht na n-ábhar a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sa Bhille.

Molaim an cur chuige cuimsitheach agus comhairliúcháin a ghlac an Comhchoiste Oireachtais agus iad ag déanamh a ngrinnscrúdaithe réamhreachtaíochta. Leanann sé an cur chuige a úsáideadh i bhforbairt na Scéime Ginearálta, a raibh comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht shuntasach geallsealbhóirí i gceist léi.

Tá na moltaí go léir á meas go cúramach agam, pléann roinnt acu le hábhair atá á scrúdú agam le tamall. Áirítear leis seo conas is féidir an Bille a neartú tuilleadh chun cosaint níos fearr a dhéanamh ar dhaoine ar líne, ceisteanna a bhaineann leis na bealaí cuí gearáin nó sásaimh san áireamh.

Tá sé ar intinn agam an Bille a chur chun cinn ar bhonn práinne, tar éis chur i gcrích an atbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair.

**Conclúid**

Tá an turasóireacht, an cultúr, na healaíona, ár dteanga, spórt agus na meáin fíorthábhachtach dár sochaí, féiniúlacht, folláine agus daonlathas. Mar Aire, leanfaidh mé ag tacú leis na hearnálacha seo agus tuigimid go léir go bhfuil go leor oibre le déanamh fós. Leanfaidh mé ag fáil comhairle ó earnálacha agus ag déanamh measúnaithe ar thacaíochtaí chomh maith. Táimid ag feidhmiú i bhfianaise Covid-19, agus ní bheidh sé éasca téarnamh a dhéanamh.

Ní tharlóidh sé thar oíche, ach tá muinín agam go dtiocfaidh Éire ar ais chuici féin - lenár n-earnáil turasóireachta a bhfuil cáil dhomhanda uirthi ag cur fáilte roimh chuairteoirí ar bhealach níos fearr ná riamh; beidh rath ar earnáil bhríomhar na n-ealaíon agus an chultúir arís, ag taispeáint ár mbuanna dochreidte sa bhaile agus thar lear; beidh tírdhreach saibhir againn inar féidir lenár dteanga leanúint ar aghaidh ag fás; agus neartóimid agus tacóimíd lenár n-earnálacha bríomhara spóirt agus meán.

Beidh cur chuige fadtéarmach ag teastáil, agus tuigeann gach duine againn anseo inniu go bhfuil na hearnálacha seo ríthábhachtach dár gcuid saolta. Táim fíorthiomanta do thacaíocht a thabhairt don fhís straitéiseach seo agus í a bhaint amach.

Tá mé sásta aon cheist atá ag na Teachtaí a fhreagairt.

Go raibh maith agaibh.